COMHAIRLE CONTAE CHILL MHANTÁIN
Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara
Plean Gníomhaíochta Aeráide 2024-2029

Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin ag ullmhú an chéad dréacht de Phlean Gníomhaíochta Aeráide an Údaráis Áitiúil do Chill Mhantáin. Leagfaidh an plean amach cén chaoi is féidir le Comhairle Contae Chill Mhantáin ceannaireacht a thaispeáint maidir le Gníomhú ar son na hAeráide tríd an mbealach a sheachadann sí seirbhísí do mhuintir Chill Mhantáin agus tríd an mbealach a oibríonn sí le pobail, fiontair agus earnálacha eile chun gníomh a chur i bhfeidhm. Tugadh faoi fhardal astaíochtaí bonnlíne agus measúnú riosca aeráide d'fhonn gníomhaíocht a mhúnlú sna háiteanna is mó a bhfuil gá leis chun astaíochtaí a laghdú agus chun freagairt do thionchar ár n-aeráid athraitheach. Tá achoimre ar an dá thuarascáil ar fáil ar www.wicklow.ie
Tá cóipeanna clóite ar taispeáint sna láithreacha seo a leanas ó 17 Bealtaine 2023 go 12 Meitheamh 2023

Baile Chill Mhantáin	Foirgnimh Chontae, Bóthar an Stáisiúin, Baile Chill Mhantáin 0404 20100
An tInbhear Mór	Oifig Cheantair Bardasach an Inbhir Mhóir, Páirc an Chaisleáin, Baile an Inbhir Mhóir 0402 42700
Baile Coimín	Oifigí Cathartha Bhaile Coimín, Páirc Ghnó Bhaile Coimín, Baile Coimín 045 891 222
Bré	Oifig Cheantair Bardasach Bhré, Oifigí Cathartha, An Phríomhshráid, Bré 01 274 4900
Na Clocha Liath	Oifig Cheantair Bardasach na gCloch Liath, Bóthar an Mhuilinn, Na Clocha Liatha 01 287 6694

Abair an méid atá le rá agat.
Is féidir leat cur leis seo tríd ár suirbhé ar Ghníomhaíocht Aeráide a chomhlánú. Tá an suirbhé ar fáil trí mhol comhairliúcháin Chomhairle Contae Chill Mhantáin https://www.wicklow.ie/Living/ConsultationHub

Chomh maith leis sin, is féidir leat aon tuairimí scríofa a chur tríd an bpost chuig an bhfoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide ag an seoladh thíos. Marcáil '**Comhairliúchán Poiblí don Phlean Gníomhaíochta Aeráide**' go soiléir ar na haighneachtaí le do thoil agus seol ag:
Gníomhú ar son na hAeráide, An Roinn Comhshaoil, Comhairle Contae Chill Mhantáin, Foirgnimh an Chontae, Bóthar an Stáisiúin, Baile Chill Mhantáin.

Féadfar aighneachtaí a dhéanamh ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:
1. Tríd an Tairseach Comhairliúcháin https://www.wicklow.ie/Living/ConsultationHub
2. Trí litir a scríobh chuig: 'Comhairliúchán Poiblí don Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide' Gníomhú ar son na hAeráide, An Roinn Comhshaoil, Comhairle Contae Chill Mhantáin, Foirgnimh an Chontae, Bóthar an Stáisiúin, Baile Chill Mhantáin

DÁTA DEIRIDH LE hAGHAIDH AIGHNEACHTAÍ: 5:00pm 12 Meitheamh 2023

Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin tiomanta do Rochtain do Chách. Déan teagmháil le Comhairle Contae Chill Mhantáin ag 0404-20100 má tá aon riachtanais rochtana ar leith agat.